**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0090/2020**

27.4.2020

*******

# MOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú
(12362/2019– C9-0013/2020 – 2019/0182(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Ondřej Kovařík

***Siombailí don nós imeachta***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ............................................................................................6

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA..................................................9

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ....................................................14

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........15

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú (12362/2019– C9-0013/2020 – 2019/0182(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12362/2019),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú (12363/2019),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 77(2) agus pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0013/2020),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0090/2020),

1. ag tabhairt a toilithe chun an comhaontú a thabhairt i gcrích;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht na Bealarúise.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

### Cúlra

I gcomhthéacs Dhearbhú Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir an 7 Bealtaine 2009, chuir an tAontas agus a thíortha comhpháirtíochta in iúl go dtacaíonn siad go polaitiúil le léirscaoileadh an chórais víosaí i dtimpeallacht shábháilte agus shlán agus d'athdhearbhaigh siad a rún céimeanna a ghlacadh diaidh ar ndiaidh ionsar shaorchóas víosaí dá saoránaigh in am trátha.

Ar an mbonn sin, thíolaic an Coimisiún, an 12 Samhain 2010, moladh don Chomhairle d'fhonn treoracha a fháil chun Comhaontú a chaibidil le Poblacht na Bealarúise maidir leo seo, faoi seach: eisiúint víosaí gearrfhanachta a éascú, agus athligean isteach daoine a chónaíonn gan údarú.

Cuireadh tús go hoifigiúil le caibidlíocht leis an mBealarúis an 30 Eanáir 2014 agus mar thoradh ar an gcaibidlíocht cuireadh inisileacha le comhaontú an 17 Meitheamh 2019. Idir an dá linn, shínigh an Bhealarúis, an tAontas Eorpach agus seacht mBallstát rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Rómáin, an Liotuáin, an Pholainn, an Ungáir, an Fhionlainn agus an Laitvia) dearbhú comhpháirteach maidir le comhpháirtíocht soghluaisteachta an 13 Deireadh Fómhair 2016.

### Aidhm agus Ábhar an Chomhaontaithe

Tá sé mar aidhm leis an gcomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) éascú a dhéanamh, ar bhonn cómhalartachta, ar víosaí a eisiúint do chuairt bheartaithe de thréimhse nach mó ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá do shaoránaigh an Aontais agus na Bealarúise.

Seo a leanas na príomhleasuithe ar an gcomhaontú:

- le haghaidh na n-iarratasóirí víosa go léir, ní mór cinneadh a dhéanamh, i bprionsabal, maidir le cibé acu víosa a eisiúint nó gan é a eisiúint, laistigh de 10 lá féilire. Féadfar an tréimhse sin a fhadú chuig uasmhéid de 30 lá féilire gan aon ghá scrúdú breise a dhéanamh. I gcásanna práinneacha, féadfar é a laghdú go dtí dhá lá oibre nó níos lú;

- is é EUR 35 an táille a ghearrfar chun iarratais ar víosa a phróiseáil do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus na Bealarúise. Beidh feidhm ag na táillí sin i leith na n-iarratasóirí víosa uile. Chomh maith leis sin, beidh na catagóirí daoine seo a leanas díolmhaithe ó na táillí víosa sin: leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois, daoine faoi mhíchumas, garghaolta, comhaltaí de thoscaireachtaí oifigiúla;

- tá simpliú déanta ar na doiciméid a bhfuil gá leo chun údar cuí a thabhairt do chuspóir turais do chatagóirí áirithe iarratasóirí (e.g. garghaolta, lucht gnó, comhaltaí de thoscaireachtaí oifigiúla, daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile, mic léinn, daoine atá páirteach in imeachtaí eolaíochta, cultúrtha agus spóirt, iriseoirí, etc.);

- cuirtear coinníollacha simplithe ar fáil d'eisiúint víosaí il-iontrála atá bailí do thréimhse idir bliain agus 5 bliana do chatagóirí áirithe daoine (e.g. comhaltaí den rialtas, de pharlaimintí agus

de chúirteanna, buanchomhaltaí de thoscaireachtaí oifigiúla, céilí agus leanaí atá ar cuairt ar shaoránaigh den Aontas Eorpach a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil i gcríoch na Bealarúise, nó saoránaigh Phoblacht na Bealarúise, daoine atá rannpháirteach i gcláir mhalartaithe oifigiúla, eolaíochta nó chultúrtha nó cláir thrasteorann, imeachtaí idirnáisiúnta spóirt);
- saoránaigh den Aontas Eorpach agus saoránaigh den Bhealarúis a bhfuil pas bailí bithmhéadrach taidhleoireachta acu agus tá sealbhóirí *laissez-passer* bailí AE díolmhaithe ón gceanglas víosa gearrfhanachta a bheith acu. Déanfaidh an Coimisiún an measúnú deiridh, áfach, ar chóras eisiúna na Bealarúise, i gcomhairle leis na Ballstáit, sula dtabharfaidh siad i gcrích an Comhaontú.

Cuirtear i dtreis, i mbrollach an Chomhaontaithe, an tábhacht a bhaineann leis na bunphrionsabail a rialaíonn an comhar idir na Páirtithe chomh maith leis na hoibleagáidí agus na freagrachtaí, lena n-áirítear cearta an duine agus prionsabail dhaonlathacha, ag eascairt ó na hionstraimí idirnáisiúnta atá ina gceangal orthu.

Féadfaidh na Páirtithe an Comhaontú a chur ar fionraí ina iomláine nó i bpáirt ar aon chúis, lena n-áirítear ar fhorais fionraithe amhail sárú nó mí-úsáid forála atá sa Chomhaontú, chearta an duine agus an daonlathais.

**Barúlacha an rapóirtéara**

Tá dul chun cinn déanta sa chaidreamh idir AE agus an Bhealarúis i gcaitheamh na mblianta, agus AE ag neartú a rannpháirtíochta leis an mBealarúis. Áirítear i measc na gcéimeanna sin, de réir Chomhairle AE:

– idirphlé teicniúil maidir le hábhair ar leith
– comhar trí chonair iltaobhach Chomhpháirtíocht an Oirthir
– tacaíocht don tsochaí shibhialta agus d’íospartaigh diansmachta
– tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe um eisiúint víosaí a éascú agus um athligean isteach i mí Eanáir 2014 agus tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhpháirtíocht soghluaisteachta in 2015
– idirphlé maidir leis na hathchóirithe is gá chun an Bhealarúis a nuachóiriú agus maidir leis an gcaidreamh leis an Aontas a fhorbairt (lena n-áirítear tacaíocht airgeadais a d'fhéadfadh teacht ón Aontas)

Dá bhrí sin, tá an Bhealarúis i mbun feabhas a chur ar shaoirsí uilíocha, an smacht reachta, agus cearta an duine, lena n-áirítear saoirse cainte, saoirse chun tuairimí a nochtadh, agus saoirse na meán, agus cearta saothair. Ba cheart don chritéar bunúsach sin a bheith fanta i gcás ina bhfuil cinneadh á dhéanamh faoi bheartas AE i leith na Bealarúise.

Sa chomhthéacs sin, tugadh i gcrích le déanaí Éascú Víosaí leis an mBealarúis, chun éascú a dhéanamh ar theagmhálacha duine le duine mar choinníoll tábhachtach d’fhorbairt sheasta na nasc eacnamaíoch, daonnúil, cultúrtha, eolaíochta agus eile, trí éascú ar eisiúint víosaí do shaoránaigh an Aontais agus na Bealarúise ar bhonn cómhalartachta.

Is é cuspóir an Comhaontaithe seo éascú a dhéanamh, ar bhonn cómhalartachta, ar víosaí a eisiúint do chuairt bheartaithe de thréimhse nach mó ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá do shaoránaigh an Aontais agus na Bealarúise.

Ní dhéanfaidh an saorchóras víosa ghearrfhanachta do chatagóirí áirithe iarratasóirí difear do na coinníollacha iontrála agus fanachta do shaoránaigh na Bealarúise mar a leagtar síos i gCód Teorainneacha Schengen do chuairteanna gearrfhanachta agus i ndlí náisiúnta na mBallstát do chuairteanna fadfhanachta. De bhreis air sin, ní chiallaíonn sé nach ann do rialuithe ar choinníollacha iontrála agus fanachta. Beidh ar shaoránaigh na Bealarúise údar cuí a thabhairt le cuspóir agus le coinníollacha a dturais.
Tá an próiseas léirscaoilte víosaí ina dheis freisin don Bhealaúis leanúint ag cur chun feidhme na n-athchóirithe is gá i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais.

**Cuireann an rapóirtéir i dtreis an tábhacht a bhaineann leis na gnéithe seo a leanas nuair a thiocfaidh an comhaontú seo i bhfeidhm:**

– Chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na nósanna imeachta faisnéise d'eisiúint víosaí gearrfhanachta agus doiciméad is gá a chur ar fáil nuair atáthar ag cur isteach ar víosaí gearrfhanachta ba cheart d’údaráis na Bealarúíse faisnéis bhunúsach a tharraingt suas d’iarratasóirí maidir leis na nósanna imeachta agus na coinníollacha a ghabhann le hiarratas a dhéanamh ar víosaí gearrfhanachta agus a mbailíocht;

– Ba cheart d’údaráis na Bealarúise AE a chur ar an eolas go rialta faoi na bearta a glacadh chun go seachnófaí iomadú doiciméad taistil, chun gnéithe teicniúla shlándáil na ndoiciméad taistil a fhorbairt agus i ndáil le pearsantú a dhéanamh ar phróiseas eisiúna na ndoiciméad taistil;

– Ba cheart don Bhealarúis AE a chur ar an eolas gan moill chuí i gcás ina dtugtar isteach doiciméid taistil nua nó i gcás ina n-athraítear doiciméid taistil reatha agus samplaí de na doiciméad taistil sin a chur ar fáil do AE in éineacht le cur síos orthu;

– I bhfianaise thábhacht chur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe seo, ba cheart don Bhealarúis leibhéil leordhóthanacha foirne consalachta a sholáthar agus a choinneáil.

Mar fhocal scoir, chuir an rapóirtéir in iúl gur deis atá sa chomhaontú seo maidir le héascú víosaí do AE agus an Bhealarúis gluaiseacht i dtreo a chéile agus cruthú deighilte idir AE agus a chomharsa a sheachaint.

Tá sé á mholadh ag an rapóirtéir, i bhfianaise na bhfeabhsuithe dearfacha seo, gur cheart do Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt don chomhaontú seo.

21.2.2020

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú (12362/2019 – C9-0013/2020 – 2019/0182(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Petras Auštrevičius

## RÉASÚNÚ GEARR

Is ceann de phrionsabail threoracha Chomhpháirtíocht an Oirthir teagmháil idir daoine a neartú, trí shoghluaisteacht a fheabhsú i dtimpeallacht shlán agus dhea-bhainistithe. Tá léirscaoileadh víosaí mar chomhchuspóir i gcónaí ag tíortha comhpháirtíochta aonair agus ag an Aontas Eorpach araon ar mhaithe le leas an daonra i gcoitinne.

Is díol sásaimh don rapóirtéir an togra mar fhorbairt dhearfach sa chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Bhealarúis agus cuireann sé in iúl go bhfuil sé tábhachtach do mhuintir na Bealarúise teagmháil a bheith acu le saoránaigh AE agus cur amach a fháil ar shaol, cultúr agus modh maireachtála na hEorpa. Aithníonn sé nach gcloíonn próisis toghcháin agus córas polaitíochta sa Bhealarúis le caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta agus nach n-áirithítear ná nach gcosnaítear na saoirsí bunúsacha uilíocha. I dtoghchán parlaiminteach 2019, áiríodh easnamh suntasach maidir le nósanna imeachta, agus ina measc bhí beartais shrianta i leith páirtithe freasúra agus iarrthóirí, agus níor léiríodh aon fheabhas i ndaonlathas. Dá bhrí sin, ba cheart go n-úsáidfí an comhaontú um éascú víosaí chun comhar ar leibhéal an phobail a fheabhsú, chun sochaí shibhialta na Bealarúise a neartú agus chun tacú tuilleadh leis an tsochaí sin.

Cheana féin ina Theachtaireacht chun Beartas Comharsanachta na hEorpa (BCE) an 4 Nollaig 2006 a neartú, mhol an Coimisiún gur cheart caibidlíocht a thionscnamh le tíortha Chomharsanacht an Oirthir maidir le hathligean isteach agus éisiúint.

Le Dearbhú Comhpháirteach an Chruinnithe Mullaigh i bPrág an 7 Bealtaine 2009, lenar bunaíodh Comhpháirtíocht an Oirthir, cuireadh i bhfáth a thábhachtaí atá sé soghluaisteacht saoránach i dtimpeallacht shlán a chur chun cinn, trí chomhaontuithe um éascú víosaí agus um athligean isteach. Leagadh síos léirscaoileadh víosaí leis mar an cuspóir fadtéarmach agus ní mór go mbeadh feabhas ar dhálaí slándála chun comhrac in aghaidh coireacht trasteorann agus imirce neamhrialta ag gabháil leis. Rinneadh na cuspóirí sin a athdhearbhú ag an gCruinniú Mullaigh i Vársá i mí Mheán Fómhair 2011 agus ag an gCruinniú Mullaigh i Vilnias i mí na Samhna 2013, agus cuireadh i bhfáth go háirithe ag na cruinnithe sin gur cheart go n-áireofaí mar sprioc le tuilleadh comhair agus comhordúcháin go ndéanfaí an

imirce neamhdhleathach a chosc agus a chomhrac, go gcuirfí chun cinn imirce agus soghluaisteacht dhea-bhainistithe agus shlán mar aon le bainistiú comhtháite teorainneacha. I gCruinniú Mullaigh na Bruiséile i Samhain 2017, áitíodh go gcuideodh Comhaontú um Éisiúint Víosaí agus Comhaontú um Athligean a bheith á thabhairt i gcrích leis an mBealarúis le dul chun cinn breise maidir le soghluaisteacht, le linn don tslándáil a bheith á feabhsú.

De réir an chur chuige choitinn maidir le forbairt bheartas AE a comhaontaíodh ar leibhéal COREPER ag na Ballstáit i mí na Nollag 2005, ní thabharfar comhaontú um éascú víosaí i gcrích gan comhaontú um athligean isteach a bheith curtha ar bun roimh ré.

Tá dul chun cinn déanta sa chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Bhealarúis le ceithre bliana anuas. Tá an Bhealarúis rannpháirteach i gComhpháirtíocht an Oirthir, go háirithe ina formáidí iltaobhacha. Ar thionscnamh ó údaráis na Bealarúise, cuireadh tús arís in 2015 leis an idirphlé bliantúil um Chearta an Duine idir AE agus an Bhealarúis. Seoladh Comhpháirtíocht Soghluaisteachta in 2016; ina dhiaidh sin, bhí sí ina príomhionstraim i bhforbairt ár gcomhair maidir le himirce, agus ag an am céanna, chuir sí le soghluaisteacht shaoránaigh an Aontais agus na Bealarúise i dtimpeallacht dhea-bhainistithe agus shlán. Thairis sin, maidir le beartas an Aontais i leith na Bealarúise amach anseo a chóiriú, beidh sé fíorthábhachtach go nglacfaidh an Bhealarúis céimeanna nithiúla lena dtabharfar urraim do shaoirsí bunúsacha uilíocha, don smacht reachta agus do chearta an duine, ag dul le spiorad na “rannpháirtíochta criticiúla”.

Déantar an creat atá ann cheana le haghaidh comhar leis an mBealarúis a chur san áireamh sa chinneadh atá molta agus léirítear ann é, go háirithe an Chomhpháirtíocht Soghluaisteachta thuasluaite, na Dearbhuithe ó Chruinnithe Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir, chomh maith leis an gcaibidlíocht maidir le Tosaíochtaí na Comhpháirtíochta idir AE agus an Bhealarúis. Tá comhaontuithe cosúil leis sin curtha i gcrích roimhe seo leis an Airméin, an Asarbaiseáin, an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin.

Thug an Chomhairle an t-údarú foirmiúil don chaibidlíocht maidir le Comhaontú um eisiúint víosaí a éascú an 28 Feabhra 2011. Thosaigh an chaibidlíocht i mí an Mheithimh 2014 agus cuireadh inisealacha leis an téacs comhaontaithe an 17 Meitheamh 2019. Ar deireadh, shínigh an tAontas Eorpach agus an Bhealarúis comhaontú um éisiúint víosaí a éascú agus comhaontú um athligean isteach an 8 Eanáir 2020.

Is é atá mar aidhm leis an gcinneadh atá molta maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe ná éascú a dhéanamh, ar bhonn cómhalartachta, ar víosaí a eisiúint d’fhanacht bheartaithe de thréimhse nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá do shaoránaigh an Aontais agus na Bealarúise agus an táille víosa le haghaidh próiseáil iarratas a shocrú ag EUR 35. Tá na gnéithe caighdeánacha de chomhaontuithe AE um éascú víosaí san áireamh, lena mbunaítear maoluithe sa phróiseas cinnteoireachta chun víosaí a eisiúint, na táillí agus díolúintí a d’fhéadfaí a fháil, na doiciméid a bhíonn ag teastáil agus díolúintí a d’fhéadfaí a fháil, chomh maith le simpliú na gcritéar do chatagóirí áirithe daoine. Sa bhreis air sin, áirítear sa togra Dearbhú Comhpháirteach maidir le comhar i dtaca le doiciméid taistil agus malartú rialta faisnéise maidir le slándáil doiciméad taistil, chomh maith le Dearbhú Comhpháirteach i dtaca le comhchuibhiú ar nósanna imeachta faisnéise agus na doiciméid atá ag teastáil agus iarratas á chur isteach ar víosaí gearrfhanachta. Is ionann na forálacha agus forbairt ar *acquis* Schengen agus níl feidhm acu maidir leis an Ríocht Aontaithe, le hÉirinn ná le Ríocht na Danmhairge, a n-iarrtar orthu comhaontuithe déthaobhacha um éascú víosaí a thabhairt i

gcrích, mar aon le tíortha nach Ballstáit AE iad ach atá ina bpáirtithe i gcomhaontú Schengen.

Éascóidh an feabhsú soghluaisteachta teagmháil idir daoine, ar gné bhunriachtanach é chun ceangail eacnamaíocha, tráchtála, shóisialta, chultúrtha agus ceangail eile a fhorbairt. Dá bhrí sin, tá fíorthábhachtach leis ar mhaithe le Comhpháirtíocht an Oirthir a bhaint amach, ag meabhrú gurb é léirscaoileadh iomlán víosaí an cuspóir fadtéarmach.

Ba cheart go dtiocfadh an comhaontú um éascú víosaí i bhfeidhm go comhuaineach leis an gcomhaontú um athligean isteach, toisc go bhfuil nasc idir an dá chomhaontú.

******

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go dtabharfaí formheas don dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú.

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú |
| **Tagairtí** | 12362/2019 – C9-0013/2020 – 2019/0182(NLE) |
| **An Coiste Freagrach** | CLÁR |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | CLÁR<br>29.1.2020 |
| **Rapóirtéir:**<br>Dáta an cheapacháin | Petras Auštrevičius<br>30.9.2019 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.2.2020 |
| **Dáta na vótála críochnaithí** | +: 57<br>–: 3<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alviina Alametsä, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Lars Patrick Berg, Anna Bonfrisco, Fabio Massimo Castaldo, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Tanja Fajon, Anna Fotyga, Michael Gahler, Kinga Gál, Sunčana Glavak, Klemen Grošelj, Sandra Kalniete, Dietmar Köster, Stelios Kouloglou, Ilhan Kyuchyuk, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Jaak Madison, Thierry Mariani, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Urmas Paet, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Kati Piri, Giuliano Pisapia, Jérôme Rivière, Nacho Sánchez Amor, Andreas Schieder, Radosław Sikorski, Sergei Stanishev, Hermann Tertsch, Hilde Vautmans, Harald Vilimsky, Thomas Waitz, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Arnaud Danjean, Özlem Demirel, Engin Eroglu, Evin Incir, Andrey Kovatchev, Sergey Lagodinsky, Katrin Langensiepen, Gabriel Mato, Kris Peeters, Paulo Rangel, Nils Ušakovs, Mick Wallace |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Tudor Ciuhodaru |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 57 | + |
|---|---|
| CLÁR | Anna Fotyga, Hermann Tertsch, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers |
| GUE/NGL | Özlem Demirel, Stelios Kouloglou, Mick Wallace |
| ID | Anna Bonfrisco, Thierry Mariani, Jérôme Rivière |
| NI | Fabio Massimo Castaldo, Kostas Papadakis |
| PPE | Traian Băsescu, Arnaud Danjean, Michael Gahler, Kinga Gál, Sunčana Glavak, Sandra Kalniete, Andrey Kovatchev, Miriam Lexmann, David McAllister, Gabriel Mato, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Kris Peeters, Paulo Rangel, Radosław Sikorski, Isabel Wiseler-Lima |
| RENEW | Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, Engin Eroglu, Klemen Grošelj, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Urmas Paet, Hilde Vautmans |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Tudor Ciuhodaru, Tanja Fajon, Evin Incir, Dietmar Köster, Sven Mikser, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Kati Piri, Giuliano Pisapia, Nacho Sánchez Amor, Andreas Schieder, Sergei Stanishev, Nils Ušakovs |
| VERTS/ALE | Alviina Alametsä, Sergey Lagodinsky, Katrin Langensiepen, Thomas Waitz, Salima Yenbou |

| 3 | - |
|---|---|
| CLÁR | Lars Patrick Berg, Jaak Madison, Harald Vilimsky |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú |
| **Tagairtí** | 12362/2019 – C9-0013/2020 – 2019/0182(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin / na hiarrata ar thoiliú** | 21.1.2020 |
| **Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>29.1.2020 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>29.1.2020 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Ondřej Kovařík<br>6.2.2020 |
| **Rapóirtéirí roimhe seo** | Antony Hook |
| **Pléite sa choiste** | 28.1.2020 |
| **Dáta an ghlactha** | 23.4.2020 |
| **Dáta na vótála críochnaithí** | +: 61<br>–: 6<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Katarina Barley, Pernando Barrena Arza, Pietro Bartolo, Nicolas Bay, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Joachim Stanisław Brudziński, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Caterina Chinnici, Clare Daly, Marcel de Graaff, Anna Júlia Donáth, Lena Düpont, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Balázs Hidvéghi, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Lívia Járóka, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Peter Kofod, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Lukas Mandl, Nuno Melo, Roberta Metsola, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Nicola Procaccini, Emil Radev, Paulo Rangel, Diana Riba i Giner, Ralf Seekatz, Michal Šimečka, Birgit Sippel, Sylwia Spurek, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Cristian Terheş, Tomas Tobé, Dragoş Tudorache, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Bettina Vollath, Jadwiga Wiśniewska, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ondřej Kovařík, Kostas Papadakis, Anne-Sophie Pelletier, Miguel Urbán Crespo, Petar Vitanov, Tatjana Ždanoka |
| **Dáta don chur síos** | 27.4.2020 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 61 | + |
|---|---|
| CLÁR | Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Balázs Hidvéghi, Lívia Járóka, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Nuno Melo, Roberta Metsola, Nadine Morano, Emil Radev, Paulo Rangel, Ralf Seekatz, Tomas Tobé, Javier Zarzalejos |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Caterina Chinnici, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Brigit Sippel, Sylwia Spurek, Cristian Terheş, Bettina Vollath, Elena Yoncheva, Petar Vitanov |
| RENEW | Anna Júlia Donáth, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Michal Šimečka, Ramona Strugariu, Dragoş Tudorache, Ondřej Kovařík |
| ID | Annalisa Tardino |
| VERTS/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, , Tatjana Ždanoka, Diana Riba I Giner, Tineke Strik |
| ECR | Joachim Stanisław Brudziński, Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Assita Kanko, Nicola Procaccini, Jadwiga Wiśniewska |
| GUE/NGL | Pernando Barrena Arza, Clare Daly, Anne-Sophie Pelletier, Miguel Urbán Crespo |
| NI | Laura Ferrara, Kostas Papadakis, Milan Uhrík |

| 6 | - |
|---|---|
| ID | Nicholas Bay, Marcel De Graaff, Nicolaus Fest, Peter Kofod, Tom Vandendriessche |
| VERTS/ALE | Alice Kuhnke |

| 0 | 0 |
|---|---|

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh